# Cionnas a-tá an treabh-so as-toigh?

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 29]

Ruaidhrí mhac Aodha Mic Raith .cc.

1 Cionnus atá an treabh-so as-toigh
’na bhfaicmís mná agus macroidh
ré bélaibh a múir a-muigh
ag dénaimh lúidh is lámhaigh?

2 Ó mhaidin go nél nóna
mar do bheith cúirt chomhóla,
gáir bhan is macruidhe a-muigh
fán gcladh ttlachtmhuighe tteasbhaigh.

3 Annsain dob fhiadhnuisi sinn
ar dhuine as gach aird d’Éirinn,
ar beith dreas a ndoghruing sleagh
ag foghluim cleas is cluicheadh.

4 Is ann budh mionca meic ríogh
gan dubhachas, gan dimbríogh,
ag dáil a séd ar a son,
ar gháir théd i n-a ttiomchal.

5 Is ann do bhíodh Fiachaidh féin
ar lár an bhrogha bhláithréidh,
is lucht daghmholta duan nglan
is sluagh armghonta a n-othar.

6 Annsain dob iongantach liom
ré [a] bhfaicinn d’éigsibh Éirionn,
é dá thol féin ré gach fear
fá réir na scol do scaoileadh.

7 Gach anshódh dá ndeachaidh di,
treabh ’na bhfagh file fáilti,
dar liom féin ní doiligh dhi
ós léir a hoighir innte.

8 Ré a thaoibh san treibh-sin as-digh
má tá Róis an ruisc shuaimhnigh,
ní doiligh leam mar tá an treabh
má tá ar mo cheann an chneisgheal.